



An Bhruiséil, 27 Samhain 2025  
(OR. en)

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2025/0101 (COD)

---

---

16025/25  
ADD 1

JAI 1797  
ASILE 114  
ASIM 85  
CODEC 1937

## NÓTA

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le liosta de thíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú ar leibhéal an Aontais – <i>Cur chuige ginearálta</i> – <i>Ráiteas ón Ungáir</i>

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo ráiteas ó thoscaireacht na hUngáire maidir leis an rialachán thuasluaite.

**Togra le haghaidh**

**Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le liosta de tíortha sábháilte tionscnaimh a bhunú ar leibhéal an Aontais**

**Ráiteas ón Ungáir**

Athdhearbhaíonn an Ungáir na forchoimeádais thromchúiseacha atá aici maidir leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann. I gcomhthéacs liosta an Aontais de tíortha sábháilte tionscnaimh, mhol an Ungáir i gcónaí na tíortha is iarrthóirí incháilithe a áireamh go huathoibríoch ar liosta an Aontais. Creidimid nach mór na tíortha sin a áireamh go huathoibríoch, gan aon cheanglas breise a fhorchur ar tíortha is iarrthóirí fanacht ar an liosta.

Dá bhrí sin, is oth leis an Ungáir go bhfuiltear ag súil sa téacs comhréitigh, *de facto*, go gcomhlíonfaidh tíortha is iarrthóirí incháilithe coinníollacha níos déine ná trídís tíortha eile a liostaítear san Iarscríbhinn.

Creideann an Ungáir gurbh é liostú na dtíortha is iarrthóirí incháilithe an cur chuige is fóna ó thaobh an dlí de, lena seachnófaí castachtaí breise agus lena gcaithfí go cothrom le tíortha is iarrthóirí incháilithe.

I bhfianaise an mhéid thuas, níl an Ungáir in ann tacú leis an gcur chuige ginearálta.